| | Irish | English |
|---|---|---|
| **1.** | Cén mhí inar rugadh tú? | What month were you born? |
| | Rugadh mé i mí Eanáir. | I was born in January. |
| | Cén mhí atá ann anois? | What month is it now? |
| | Mí Dheireadh Fómhair atá ann. | It's October. |
| **2.** | Mí Eanáir | January |
| | Mí Feabhra | February |
| | Mí an Mhárta | March |
| | Mí Aibreáin | April |
| | Mí na Bealtaine | May |
| | Mí an Mheithimh | June |
| | Mí Iúil | July |
| | Mí Lúnasa | August |
| | Mí Mheán Fómhair | September |
| | Mí Dheireadh Fómhair | October |
| | Mí na Samhna | November |
| | Mí na Nollag | December |
| **3.** | Cén mhí ina bhfuil ... | In which month is … |
| | *Lá Caille* | *New Year's Day* |
| | *Lá Fhéile Bríde* | *St. Bridget's Day* |
| | *Lá Fhéile Valaintín* | *St. Valentine's Day* |
| | *An Carghas* | *Lent* |
| | *Lá Fhéile Pádraig* | *St. Patrick's Day* |
| | *Oíche Fhéile Eoin* | *St. John's Eve* |
| | *Oíche Shamhna* | *Halloween* |
| | *Oíche Nollag* | *Christmas Eve* |
| | *Lá Fhéile Stiofáin (Lá an Dreoilín)* | *St. Stephen's Day (Day of the Wren)* |
| | *Oíche Chinn Bliana* | *New Year's Eve* |
| | *do bhreithlá* | *your birthday* |
| | Tá sé i Mí ... | It's in the month of … |
| | Athbhliain faoi shéan is faoi mhaise duit! | A successful and prosperous new year! |
| | Beannachtaí na Féile Bríde ort! | St. Bridget's day blessings (on you)! |
| | Oíche Shamhna shona duit! | Happy Halloween! |
| | Nollaig shona (duit/daoibh)! | Happy Christmas (to you)! |
| | Breithlá sona duit! | Happy Birthday! |
| **4.** | Cén mhí den bhliain is fearr leat? | What's your favorite month of the year? |
| | Cad a deir tú ar Lá Fhéile Pádraig? | What do you say on St. Patrick's Day? |
| | Cad a dhéanann tú ar Oíche Shamhna? | What do you do on Halloween? |

| | Mo Chlann Fhiáin 3 (cuid a haon) | My Wild Family 3 (part one) |
|---|---|---|
| **1.** | Fáilte! Seo iad na heachtraí a bhíonn ag mo chlann fhiáin. | Welcome! These are the adventures that my wild family has. |
| **2.** | Haigh! Is eilifint óg mé. | I! I'm a young elephant. |
| **3.** | Rugadh díreach cúpla uair an chloig ó shin mé. | I was born just a few hours ago. |
| **4.** | Ach cheana féin, tá mé níos troime na duine fásta. | But already, I am heavier than a grown person. |
| **5.** | Tá mé fós ag foghlaim le siúl. | I am still learning to walk. |
| **6.** | Uabh! Tá sé seo níos deacra na mar a bhreathnaíonn sé. | Wow! That is harder than it looks. |
| **7.** | Ach, le cúnamh ó mo mhaime agus m'aintíní, beidh mé ag siúl gan mhoill. Anois! | But, with help from my mom and my aunts, I'll be walking in no time. Now! |
| **8.** | 'Siad eilifintí na hainmhithe is mó a mhaireann ar thalamh. | Elephants are the biggest animals that live on land. |
| **9.** | 'Sí mo mhaime an baineannach is mó sa tréad. | My mom is the biggest female in the herd. |
| **10.** | Breathnaigh cé chomh mór is atá a starrfhiacla. | Look how big her tusks are. |
| **11.** | Tógfaidh sé blianta ar mo chuid fás chomh mór sin. | It will take years for mine to grow so big. |
| **12.** | Usáideann muid na starrfhiacla le fréamhacha blasta nó bia eile a bhaint as an talamh. | We use the tusks to get tasty roots or other food out of the ground. |
| **13.** | Ach faoi láthair, fanfaidh mise ag ól bainne mo mháthar. | But for now, I will remain drinking my mother's milk. |
| **14.** | Nuair a bheas mé ceithre mhí d'aois, tosóigh mé ag ithe féir agas crainn. | When I'm four months old, I will start eating grass and trees. |
| **15.** | Tá cónaí ar mo chlann eilifintí ar Bushveld na hAifrice. | My elephant family lives on the African Bushveld. |
| **16.** | Tugtar tréad ar ár glcann agus 'sí mo mháthair an ceannaire. | Our family is called a herd and my mother is the leader. |
| **17.** | Tá cuimhne an-mhaith aici, agus bíonn a fhios aici i gcónaí cén áit le bia agus uisce a fháil. | She has very good memory, and she always knows where to find food and water. |

| | Ceisteanna | Questions |
|---|---|---|
| **1.** | Cathain a rugadh an eilifint óg? | When was the young elephant born? |
| **2.** | An bhfuil sé trom? | Is he heavy? |
| **3.** | Cén fiacla speisialta at ag eilifintí? | What special teeth do elephants have? |
| **4.** | Cad a dhéanann siad leo? | What do they do with them? |
| **5.** | Cad a itheann an eilifint faoi láthair? | What does the elephant eat now? |
| **6.** | An maith leat elifintí? Cén fáth? | Do you like elephants? Why? |

| | **Amelia Earhart – le David Lowe** | **Amelia Earhart – by David Lowe** |
|---|---|---|
| **1.** | Chaith Amelia an eitilt fhada agus í cuachta istigh i gcábán beag an eitleáin. | Amelia spent the long flight huddled in the plane's small cabin. |
| **2.** | D'eitil siad trí scamaill thiubha den chuid is mó den turas agus bhí siad ag brath ar an eitleán lena mbealach a dhéanamh amach. | The flew through thick clouds for most of the trip and they were depending on the plan to make their way out. |
| **3.** | Bhris an raidió go luath sa turas agus ní raibh siad ábalta a rá cá háit go díreach a raibh siad. | The radio broke early in the trip and they weren't able to say exactly where they were. |
| **4.** | I ndiaidh dóibh eitilt ar feadh naoi déag uair a chloig, agus gan ach uair an gchloig breosla fágtha acu, ní raibh siad cinnte cé chomh fada ó thalamh tirim a bhí siad. | After they had flown for nineteen hours, and with one hour's gas left, they weren't sure how far from dry land they were. |
| **5.** | Chaith Amelia teachtaireacht i mála síos ag iarraidh treoracha ón bhád. | Amelia threw down a message in a bag asking for directions from the boat. |
| **6.** | Ach thit an mála san uisce. | But the bag fell into the water. |
| **7.** | Ba mhór an faoiseamh é don chriú nuair a chonaic siad talamh agus thuirling siad sa Bhreatain Bheag. | It was a great relief to the crew when they saw land and they landed in Wales. |
| **8.** | Ghlac an eitilt fiche uair an chloig agus daichead bomaite. | The flight took twenty hours and forty minutes. |
| **9.** | Bhí clú agus cáil ar Amelia. | Amelia was famous. |
| **10.** | Ba í an chéad bhean a rinne iarracht eitilt trasna an Atlantaigh. | She was the first woman who tried to fly across the Atlantic. |
| **11.** | Bhí náire ar Amelia faoin phoiblíochat agus dúirt sí: "Ní dhearna mé ach luí ar mo bholg agus pictiúir a ghlacadh!" | Amelia was embarrassed about the publicity and said: "I just lay on my stomach and took pictures." |
| **12.** | Ach bhain sí úsáid as an phoiblíocht agus labhair sí go poiblí ar an dóigh a dtiocfadh le mná éachtaí a dhéanamh in eitleáin. | But she made use of the publicity and she spoke publicly about how women could do feats in planes. |

| | **Ceisteanna** | **Questions** |
|---|---|---|
| **1.** | An raibh sé grianmhar ar an turas? | Was it sunny on the trip? |
| **2.** | Cad a bhris go luath sa turas? | What broke early in the trip? |
| **3.** | Cén fhad a d'eitil siad? | How long did they fly? |
| **4.** | An raibh an eitilt contúirteach? | Was the flight dangerous? |
| **5.** | An raibh tusa in eitleán beag riamh? | Were you ever in a small plane? |